





Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

ÁR GCOMHAIRLE: ATHBHREITHNIÚ DEIREADH TÉARMA







CLÁR AN ÁBHAIR

Réamhrá	4
Cathaoirligh & Baill Reatha	6
Cuairteanna Uachtaráin & Aireachta	8
Buiséid Ioncaim & Chaipitil (2019-2023)	10
Éachtaí	12
<i>Ag féachaint chun cinn ar 2024 agus níos faide anonn</i>	30



*Teachtaireacht ó
Anna Marie Delaney,
Príomhfheidhmeannach Chomhairle
Chontae Uíbh Fhailí*

Agus muid ag druidim le deireadh an téarma 5 bliana seo de chuid Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, agus a Plean Corparáideach reatha, 2019-2024, tá an-áthas orm an tAthbhreithniú Deireadh Téarma 5 bliana a chur i láthair – a léiríonn éachtaí agus dul chun cinn na Comhairle le linn na tréimhse 2019 – 2024.

Léiríonn an tuarascáil seo éachtaí suntasacha Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí thar ár réimsí seachadta seirbhíse go léir, a baineadh amach trí Phlean Corparáideach na Comhairle a chur i bhfeidhm trí ghníomhaíochtaí straitéiseacha agus oibriúcháin.

Tuigimid go léir an gá atá le gach duine againn a bheith in ann freagairt do dhúshláin agus ba mhaith liom an pobal níos leithne, grúpaí deonacha agus gníomhaireachtaí túsline a mholadh as a dtiomantas a chinntiú nach raibh ár saoránaigh scoite amach le linn Phaindéim Covid 19. Is é téama uileghabhálach na dtionscadal a chuir ár bhfoireann i gcrích le cúig bliana anuas ná béim láidir ar sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí in aimsir dhúshlánach eacnamaíoch agus sóisialta.

Agus muid ag féachaint i dtreo an todhchaí, ba chóir dúinn a bheith bródúil as an méid atá bainte amach le linn téarma na Comhairle seo. Is mian liom na comhpháirtíochtaí oibre idir na Comhaltaí Tofa, an Fhoireann Bainistíochta agus ár bhfoireann a mholadh agus freisin lenár bpobail áitiúla, gnólachtaí, gníomhaireachtaí agus Ranna Rialtais – tá gach a baineadh amach inchurtha i leith bhur dtiomantas agus bhur gcomhfhís chun áit iontach a dhéanamh d'Uíbh Fhailí le cónaí, le hoibriú agus le gnó a dhéanamh ann.

Tugaimid aghaidh ar an gcéad téarma eile de chuid na Comhairle atá aontaithe sa ghealltanas an rud is fearr a dhéanamh d'Uíbh Fhailí, ag cur béime ar na buntáistí a bhaineann lenár nascacht, le húsáid éifeachtach agus stuama acmhainní, agus ag an am céanna ag cinntiú go rachaidh ár dtacaíocht forbartha sóisialta agus eacnamaíoch chun tairbhe na nglún atá ann faoi láthair agus na glúine atá le teacht.

Tá todhchaí geal ag Uíbh Fhailí agus táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar leis na Baill Tofa, an Fhoireann Bainistíochta, ár bhfoireann agus gníomhaireachtaí seachtracha agus páirtithe leasmhara chun forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus phobail a threorú chun leasa Chontae Uíbh Fhailí.





Cathaoirligh 2019-2024



Cllr Peter Ormond
2019-2020



Cllr John Carroll
2020-2021



Cllr Declan Harvey
2021-2022



Cllr Frank Moran
2022-2023



Cllr Eddie Fitzpatrick
2023-2024

Liosta de Chruinnithe Reachtúla na Comhairle a tionóladh

Gnáthchruinnithe Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí	60	Ceantar Bardasach Bhiorra	90
Cruinnithe Bliantúla agus Buiséid	10	Ceantar Bardasach Éadan Doire	97
Cruinnithe Speisialta	3	Ceantar Bardasach Thulach Mhór	110
Cruinnithe Speisialta Pleanála	8	Comhchoiste Póilíneachta	18
Cruinnithe Coiste	12	Cruinniú Forbartha Pobail Áitiúil	51
Grúpa Beartais Chorporáidigh	73		
Coiste Beartais Straitéisigh Tithíochta	18	An Coiste um Beartais Straitéiseacha i dtaca le Gníomhú ar son na hAeráide, an Comhshaol, Uisce agus Iompar	18
Coiste Beartais Straitéisigh um Pobal, Cultúr agus Seirbhísí Éigeandála	18	An Coiste um Beartais Straitéiseacha i dtaca le hÚsáid Talún, Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach	18

Baill Tofa Reatha

Ceantar Bardasach Bhiorra



Cllr John Carroll



Cllr Clare Claffey



Cllr John Clendennen



Cllr Eamon Dooley



Cllr John Leahy



Cllr Peter Ormond

Ceantar Bardasach Éadan Doire



Cllr Noel Cribbin



Cllr Eddie Fitzpatrick



Cllr John Foley



Cllr Mark Hackett



Cllr Robert McDermott



Cllr Liam Quinn

Ceantar Bardasach Thulach Mhór



Cllr Sandra Feehan
Smollen
comhthofa i 2023



Cllr Neil Feighery



Cllr Declan Harvey



Cllr Frank Moran



Cllr Tony
McCormack



Cllr Sean O'Brien



Cllr Danny Owens



Cllr Ken Smollen
(Chuaigh ar scor i 2023)



CUAIRT AN UACHTARÁIN





CUAIRTEANNA AIREACHTA



Buiséad Ioncaim & Caipitil 2019-2023

€605.7 milliún



Tithíocht €191.5 milliún

Áirítear Cothabháil Tithíochta, SCC & Léasú, Deontais Tithíochta, Cláir um Chaipiteal Tithíochta



Bóithre €143.8 milliún

Feabhsuithe ar Bhóithre Náisiúnta, Réigiúnacha, Áitiúla, Soilsiú Poiblí & Feabhsuithe ar Shábháilteacht ar Bhóithre



Bainistíocht Forbartha €99.2 milliún

Pobal, Turasóireacht, Oidhreacht & Caomhnú, Athnuachan / Athghiniúint Sráidbhaile Uirbeach




Seirbhísí Uisce €31.7 milliún

Cóireáil Uisce, Suiteálacha Uisce Grúpa & Priobháideacha, Scéimeanna Deontais



Timpeallacht €48.3 milliún

Feasacht, Forfheidhmiú, Gníomhú ar son na hAeráide, Cáilíocht Uisce, Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála Uibh Fhailí



Áineas agus Conláiste €31.7 milliún

Áiseanna Leabharlainne, Ealaíona, Fóillíochta



Talmhaíocht & Leas €3.3 milliún

Costais Tréidliachta & Draenála Talún



Seirbhísí Tacaíochta €56.2 milliún

Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí do Chustaiméirí, Sláinte & Sábháilteacht, Bainistíocht Saoráidí





Tithíocht €191.5 milliún

Áirítear Cothabháil Tithíochta, SCC & Léasú, Deontais
Tithíochta, Cláir um Chaipiteal Tithíochta

• Ár bhFócas:

- Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta
- An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024
- Scéim Leithdháilte Tithíochta
- Plean Gníomhaíochta Réigiún an Mheánoirthir do Dhaoine gan Dídean
- Suirbhé ar an Scéim Tithíochta Inacmhainne 2024



Ar dTacaíochtaí Tithíochta:

- Soláthraíodh **1,803** leithroinnt tithíochta
- Bronnadh **58** iasacht tithíochta
- Soláthraíodh **737** deontas
- Soláthraíodh **420** aonad
- Soláthraíodh **310** aonad trí CCT
- Bainistíodh **12,439** larratas Cothabhála

420 aonad curtha ar fáil ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

80 Aonad Tógáil Dhíreach	47 Aonad Seachada dh Cuid V	95 Aonad Léasú Dhíreach	100 Aonad Éadálacha	98 Aonad Forbairtí Lándéanta
--------------------------------	--------------------------------------	-------------------------------	------------------------	------------------------------------

310 aonad curtha ar fáil ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCT)

3 Aonad Cuid V	72 Aonad Léasú (áirítear MRT)	84 Aonad SCC	143 Aonad CALF	8 Aonad Éadálacha
-------------------	--	-----------------	-------------------	----------------------

Leithdháileadh 1,803 aonad ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

(áirítear san fhigiúr seo aonaid aththionóntaithe / tionóntachtaí modhnaithe)

561 Aonad Údarás Áitiúil	302 Aonad CCT	799 Aonad ICT	141 Aonad SCC / Léasú / MTR
-----------------------------	------------------	------------------	-----------------------------------



Tithíocht €191.5 milliún

Áirítear Cothabháil Tithíochta, SCC & Léasú, Deontais
Tithíochta, Cláir um Chaipiteal Tithíochta



Úinéireacht Tí / Deontais / Cothabháil

58 lasacht Tí	24 Ceannach Tionónta	3 OCÉ	737 Deontas Priobháideach
98 Oiriúnú DPG	19 Síneadh DPG	Bainistíodh 12,439 Iarratas Cothabhála	




Bóithre €143.8 milliún

*Feabhsuithe ar Bhóithre Náisiúnta, Réigiúnacha, Áitiúla,
Soilsiú Poiblí & Feabhsuithe ar Shábháilteacht ar Bhóithre*



AN CLÁR BÓITHRE BLIANTÚIL MAOINIÚ 2019-2024



Cóiriú
Dromchla ar
381km de
bhóthar

Bóthar
Faoisimh
Laistigh
Éadan Doire
Céimeanna
1 & 2

Tógadh an
55km deiridh de
Ghlasbhealach
na Canálach
Móire

Neartaíodh
367km de
bhóthar

Aistriú an
Chabhlaigh
Chorparáidigh
go dtí Astaíocht
Nialais



Tógadh 7.4km
de Nasc Chill
Bheagáin

Tús le Bóthar
Dáileacháin
Thuaidh Bhiorra

3 inneall
mearphaisteála
a bhaineann
úsáid as
breosla HVO

Straitéis
Réigiúnach
Bonneagair EV



Tosach conaire
Bhaile Uí
Chomáin


Seachadadh an
chonair
bealaigh
roghnaithe N52
Cill Bheagáin
go Tulach Mhór

Bonneagar
Luchtúcháin
Astuithe Nialais
a Sheachadadh

Seachadadh 10
scéim Taisteal
Gníomhach ó
2021 i leith







Bainistíocht Forbartha €99.2 milliún

*Pobal, Turasóireacht, Oidhreacht & Caomhnú,
Athnuachan / Athghiniúint Sráidbhaile Uirbeach*

Pobal

Foilseacháin Phobail:

- Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail
- Straitéis Aoibháil Uíbh Fhailí
- Straitéis Clós Súgartha Uíbh Fhailí
- Straitéis Sláinte Éireann Uíbh Fhailí
- Beartas Mná agus Éagsúlachta Uíbh Fhailí
- Straitéis Imeachta Imirceach Uíbh Fhailí



Faightheoirí an Chláir LEADER
251

Faomhadh Tionscadail
€6.5 milliún

Buiséad SICAP €4.3 milliún

Íocaithe aonair 2733

Grúpaí Pobail - 414




Ag tacú le
cuimsiú pobail,
deonach,
comhshaoil
agus sóisialta
in Uíbh Fhailí

Gradaim faighte:
Biorra (2019),
Géisill, An
Muclach, Pollach
(2022) agus Baile
Átha Buí
(2023)

Infheistíodh
€494,000 i
gCothú
Sláinte in
Uíbh Fhailí

Infheistíodh
€2.4m i
ngníomhaíochtaí
Chomhpháirtíocht
Spóirt Uíbh Fhailí



Bainistíocht Forbartha

€99.2 milliún

*Pobal, Turasóireacht, Oidhreacht & Caomhnú,
Athnuachan / Athghiniúint Sráidbhaile Uirbeach*

Turasóireacht & Oidhreacht



Aithnítear i Straitéis Turasóireachta Uíbh Fhailí 2023-2027 go bhfuil ról luachmhar ag an turasóireacht mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus mar chuidiú d'inbhuanaitheacht ár bpobail tuaithe.


Tá raon leathan d'acmhainní comhshaoil nádúrtha agus oidhreachta ag ár gcontae agus tacaíonn sé le 1,000 post le hacmhainn iontach fáis sa todhchaí.



Plean
Oidhreachta
Uíbh Fhailí
2023 - 2027

Fóram
Oidhreachta
Uíbh Fhailí

Clár
Athchóirithe
Caomhnaithe



Bainistíocht Forbartha

€99.2 million

*Pobal, Turasóireacht, Oidhreacht & Caomhnú,
Athnuachan / Athghiniúint Sráidbhaile Uirbeach*

Pleanáil

Iarratais
Phleanála a
Próiseáladh
3,731

Eastáit
Tithíochta
Tógtha i gcúram
22

Glacadh le
ríomhphleanáil
65%



Fógraí Tosaithe a Fuarthas
1012

Daonra in
Uíbh Fhailí
82,668

Foilseacháin um Pleanáil Chun Cinn

Plean Forbartha Contae Uíbh Fhailí 2021-2027
Plean Ceantair Áitiúil Bhiarra 2023-2029
Plean Ceantair Áitiúil Éadan Doire 2023-2029
Léarscáileanna Bliantúla do Cháin Talún Críosaithe
Cónaithe


Tuairisc ar dhul chun cinn 2 bhliain ar chur i
bhfeidhm an Phlean Forbartha Contae

Comhchomhairliúchán réamhdhréachta ar
Chomhphlean Ceantair Áitiúil Chúil an tSúdaire a
rinneadh go dtí seo.

Tionscadail fuinnimh in- athnuaite ceadaithe ó 2019 i leith

Stóráil Chadhnra - 560 MW
Hidrigín & Gléasraí
Bithgháis - 17 MW
Fuinneamh Gaoithe -
380 MW
Feirmeacha Gréine -
498 MW





Bainistíocht Forbartha


€99.2 million

*Pobal, Turasóireacht, Oidhreacht & Caomhnú,
Athnuachan / Athghiniúint Sráidbhaile Uirbeach*

Oifig Fiontair Áitiúil Uíbh Fhailí

I measc ár dtacaíochtaí / gníomhaíochtaí Forbartha Eacnamaíochta tá:

Taispeántas Fiontraíochta Áitiúil, Sráidbhaile Fiontair Áitiúil ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Dámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta, Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan, Cláir Fiontraíochta do Mhic Léinn.




Moil
Chomhoibrithe
in Uíbh Fhailí

Imeachtaí
Líonraithe

Conas do ghnó
a fhás

Cláir Oiliúna &
Meantóireachta





Bainistíocht Forbartha

€99.2 milliún

*Pobal, Turasóireacht, Oidhreacht & Caomhnú,
Athnuachan / Athghiniúint Sráidbhaile Uirbeach*

Athghiniúint

€13 milliún daingnithe

Scéim
Athnuachana
Bailte agus
Sráidbhailte

Éadálacha
Foirgníochta

Plean Lár Bailte
ar dTús
Chlárach

Tionscadail
URDF/RRDF

Infheistíocht san
Ionad Pobail i
Muine Gall


Scéim áineasa
lasmuigh



Ag féachaint

chun cinn: Luach

na n-iarratas
tionscadail a
rinneadh chuig
gníomhaireachtaí
maoinithe
AE/Náisiúnta
€18.5m




Bainistíocht Forbartha

€99.2 milliún



*Pobal, Turasóireacht, Oidhreacht & Caomhnú,
Athnuachan / Athghiniúint Sráidbhaile Uirbeach*


Tionscadail Athghiniúna 2016-2022



D'ardaigh an t-athrú % ar Cháin Mhaoine Áitiúil in Uíbh Fhailí idir 2020-2024 €3.6 milliún, rud a ghíarail ciste seachtrach de €13 milliún breise chun tionscadail bhunathraithe ar scála mór a fhorbairt agus a sheachadadh sa Chontae.

Croí Cónaithe





Seirbhísí Uisce €31.7 milliún

Cóireáil Uisce, Suiteálacha Uisce Grúpa & Príobháideacha, Scéimeanna Deontais

Riarann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí an Clár Uisce Tuaithe a bhaineann le huisce óil inólta a sholáthar chuig:

- 4,755 nasc baile;
- os cionn 14 Grúpscéim Uisce Príobháideacha (13 rialaithe) agus
- 21 Grúpscéim Uisce Poiblí (5 rialaithe).

I measc na dtacaíochtaí eile a chuireann an Chomhairle ar fáil /gníomhaíochtaí a dhéanann an Chomhairle tá:

Maoirseacht agus riarachán ar 22 tionscadal arna gceadú faoin gClár Uisce Tuaithe ilbhliantúil

Ar an meán déantar 260 sampla, iniúchadh agus seiceáil éagsúil in aghaidh na bliana

Athbhreithniú ar oibreacha feabhsúcháin caipitil

Seirbhísí uisce poiblí a chuir an chomhairle ar fáil faoi chomhaontú seirbhíse le Uisce Éireann (go dtí Iúil 2022)



Córas cóireála fuíolluisce tí

Deontais athsholáthar luaidhe

Deontais Toibreacha



Timpeallacht €48.3 milliún

*Feasacht, Forfheidhmiú, Gníomhú ar son na hAeráide,
Cáilíocht Uisce, Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála Uíbh Fhailí*



Glanadh Sráide
-
280 tonna

Ionaid 'Fág
Anseo' Gloine
& Alúmanam -
Athchúrsáladh
8.4 tonna

Glantacháin
Phobail -
1,510 a thug
cúnamh

Láithreáin
Conláiste
Cathartha -
Athchúrsáladh
16.4tonna

Tionscnaimh
Frithdhumpála
- 28 tionscadal

Líon na madraí
a fuair baile
nua - 1,245

Fuarthas breis
is 6,300 gearán
comhshaoil

Tugadh breis is
5,800 gearán
comhshaoil
chun críche

Ceapadh
Foireann Plean
Gníomhaíochta
Aeráide agus
glacadh le Plean
Gníomhaíochta
Aeráide

Ciste
Gníomhaíochta
Pobail ar son
na hAeráide
€444,000





Timpeallacht €48.3 million

*Feasacht, Forfheidhmiú, Gníomhú ar son na hAeráide,
Cáilíocht Uisce, Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála Uíbh Fhailí*

Tá baint ag an gComhairle le monatóireacht a dhéanamh ar uisce dromchla agus screamhuisce.

Tá an fhaisnéis seo a leanas bunaithe ar shonraí a bailíodh thar thréimhse 6 bliana ó 2016 go 2021 faoi chlár náisiúnta monatóireachta na hÉireann ar cháilíocht an uisce, a cuireadh i bhfeidhm ón Dara Timthriall den Chreat-Treoir Uisce (WFD) agus ón bPlean Bainistíochta Abhantraí.


Maireann an WFD reatha (3ú timthriall) ó 2022-2027

Tháinig feabhas
ar stádas
éiceolaíoch 11
dobharlach

Rangaítear 5
dhobharlach
idir Go Maith
agus Ard

Iomlán na
Samplaí Uisce
Óil a tógadh:
1,300

Stádas Éiceolaíochta na nUiscí Dromchla faoin gCreat-treoir Uisce 2016-2021



Clár
monatóireachta
ar cháilíocht an
uisce

An Chreat-
Treoir Uisce
2ú & 3ú
Timthriall

Plean
Bainistíochta
Abhantraí

Monatóireacht
déanta ar 98
dobharlach
ainmnithe



Timpeallacht €48.3 milliún

*Feasacht, Forfheidhmiú, Gníomhú ar son na hAeráide,
Cáilíocht Uisce, Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála Uíbh Fhailí*

Rialú agus Deimhnithe
Sábháilteachta Dóiteáin



Iniúchadh agus
monatóireacht ar
shaoráidí tráchtála



Oibriúchan Sheirbhís
na Briogáide Dóiteáin

Cosc Dóiteáin agus
Oideachas

ISO 45001 Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta
Ceirde (OH&S).


ISO 9001 Córas Bainistíochta Cáilíochta



Oifigeach Cosanta
Sibhialta Uíbh Fhailí
ag obair le 35 oibrí
deonach gníomhach







Áineas & Conláiste

€31.7 milliún

Áiseanna Leabharlainne, Ealaíona, Fóillíochta

Athchóirithe

Leabharlainne

- Beannchar
- Daingean
- Cill Chormaic
- Tulach Mhór




Leabharlann Phobail Nua & Bunáit

Ealaíon Éadan Doire, á fhorbairt.




Mo Leabharlanna Oscailte Nua & Uasghrádaithe

- Beannchar
- An Féar Bán
- Cill Chormaic
- Tulach Mhór



Seoladh Suíomh Gréasáin na Leabharlainne Nua, Catalóg Ar Líne agus Turais Fhíorúla



Áineas & Conláiste

€31.7 milliún

Áiseanna Leabharlaine, Ealaíona, Fóillíochta

Cláir Leabharlaine Nua



Uíbh Fháilí Céadfach

Spásanna Céadfacha, 2.5K cuairt
Bailiúcháin Leabhar agus
Bréagán, Teicneolaíochtaí Cúnta



Clár Tacaíochta Tuismitheoirí

93 Imeacht Saor in Aisce i
gcomhpháirtíocht le Seirbhís
Leabharlaine Laoise

Cláir Iomráiteacha



Comic Con Leabharlanna Uíbh Fháilí

Duais Tionscadail LAI, 2019

STEAMing Ahead

Duais Nualaíochta LAMA,
2024




5 Bliana á gCeiliúradh:
Aoisbháuil, Ceart chun
Léamh agus Cruinniú

Pleananna Forbartha Leabharlaine:

Pobail Chomhoibríocha a Chruthú, 2021 - 2023

Spásanna a Chruthú, 2024 - 2028





Áineas & Conláiste

€31.7 milliún

Áiseanna Leabharlainne, Ealaíona, Fóillíochta



Scéim
tacaíochta
d'ealaíontóirí
gairmiúla

Oíche Chultúir

Hullabaloo!
Féile na bPáistí

Deontais Ealaíon
na bhFéile &
Film Offaly



Féile an
Athraithe

Straitéis Ealaíon
Uíbh Fhailí
2023-2028

Áiteanna
Cruthaitheacha
Éadan Doire

Bunachar
Sonraí
Ealaíontóirí
Uíbh Fhailí

Éire Ildánach





Seirbhísí Tacaíochta €56.2 milliún

Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí do Chustaiméirí, Sláinte & Sábháilteacht, Bainistíocht Saoráidí

Seirbhísí Corparáideacha

Cruinnithe na Comhairle & dualgais ghaolmhara

Imeachtaí a óstáil lena n-áirítear cuairteanna Aireachta agus Fáiltithe Cathartha

Os cionn 104,000 leantóir meáin shóisialta anois

Seoladh suíomh Gréasáin nua in 2023

Ár bhFostaithe

512 fostaí



Airgeadais



Tacaíochtaí gnó, Deontas ICOB, Scéim Tarscaoilte

Roinn TFC



Cur i bhfeidhm leathanbhanda

Nuálaíocht STEM

Ag féachaint chun cinn ar 2024 agus níos faide anonn





